

An Gorta Mór agus an Leigheas

By Dr Colm Ó Sé

B'fhairsing na léargais a scaipeadh faoin nGorta Mór agus an Leigheas ag Cruinniú na Nollag d'Acadamh na Lianna sa Choláiste le déanaí.



An t-Ollamh Breandán Mac Suibhne, an t-Ollamh Cormac Ó Gráda, an Dr. Brónagh Ó hCí, Siobhán Iníon Uí Bhuachalla, an Dr. Críostóir Mac Cárthaigh, agus an Dr. Colm Ó Sé

Bhí Cruinniú na Nollag ag Acadamh na Lianna i gColáiste na Tríonóide ar an 9 Nollaig 2017. Cumann Gaelach do dhochtúirí é an tAcadamh, le cúpla ball ó na gairmeacha gaolmhara. D'éirigh thar cionn linn agus caithfear buíochas a ghabháil leis an Oifig Alumnaí a thug an-chabhair agus tacaíocht dúinn; agus leis an tSean-Leabharlann a chuir taispeántas iontach suimiúil i láthair dúinn ar lámhscríbhinní leighis meánaoiseacha.

An Gorta Mór, mar a bhaineann sé leis an leigheas, ba ea téama an chruinnithe. Céad bliain roimh an nGorta, thuill Edmund Burke buíochas an Historical Society dá thráchtas ar mhuintir Genova – ach cháineadar a stíl chainte, dáiríre píre! Níorbh amhlaidh don seisear cainteoirí ag cruinniú an Acadaimh, agus tá dul chun

cinn déanta ar na léachtaí a fhoilsíú agus a phodchraoladh.

Thug Siobhán Ní Bhuachalla (stiúrthóir ar Six Degrees Health Care Consulting, Chicago), cuntas cuimsitheach ar *An Tubaiste ba mhó sa tSláinte Phoiblí sa 19ú Céad*. Cailleadh milliún duine, 90% de bharr na ngalar éagsúil a lean an ghéarchéim. Bhí sé ar chumas an rialtais i bhfad níos mó a dhéanamh – ní dhearnadar, agus cruthaíodh tubaiste as géarchéim.

Labhair Brónagh Ó hCí (Géineolaí sa Lárionad Náisiúnta) ar *Eipigéineolaíocht agus Iarmhairtí an Ghorta ar Shláinte*. Rinne sí trácht ar na modhanna éagsúla gur féidir le tionchair sheachtracha – ar nós gorta – cur isteach ar Aigéad Dí-Ocsairibeanúicléasach (DNA) agus, de thoradh, feictear galair faoi leith níos minice sna glúinte a leanann.

Saineolaí le clú domhanda é Cormac

Ó Gráda (Ollamh le Stair na hEacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile) agus labhair sé go húdarásach ar *Gorta agus Trauma*. Phléigh sé an tionchar a bhíonn ag uafás mar ghorta ar mheabhairshláinte na ndaoine, agus conas mar a thagann siad chun réitigh ar an gcás.

Ansinn, thug an scríbhneoir seo

(dochtúir teaghlaigh) tráchtas ar *Dochtúirí sa Ghorta* – polaitíocht leighis, cúram othar agus básmhaireacht i measc dochtúirí (a bhí as cuimse i gcomparáid le haon dream eile). Bhí iarchéimithe agus ollúna Choláiste na Tríonóide lárnach sa scéal seo, m. sh. Robert Graves, William Stokes, Oliver Curran agus Valentine Flood.

Thug Críostóir Mac Cárthaigh (Ceannasach ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann) cuntas ríshuimiúil ar scéalta faoin mbás le linn an Drochshaoil, agus ar shráidbhailte tréigthe dá bharr. Chríochnaíomar le tuairisc den scoth ó Bhreandán Mac Suibhne (Ollamh Cúnta sa Stair in Ollscoil Centenary, New Jersey). Labhair sé ar bhásmhaireacht freisin agus ar na hathruithe a tháinig ar dheasghnátha adhlactha de dheasca an Ghorta.

Dhá lá roimh an gcrúinniú, bhronn Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) aitheantas faoi leith ar an bpíob uilleann. Bhí píobaireacht ar an dé deiridh nuair a bunaíodh Na Píobairí Uilleann in 1968 – 50 píobaire in iomlán ar dhromchla an domhain; agus anois tá breis is trí mhíle dóibh ann. Bunaíodh Acadamh na Lianna sa bhliain chéanna, agus i mbliana seolfar leabhar ar an stair a bhaineann leis. Mo léan nach bhfuil na mílte meallta isteach san Acadamh – go fóill, b'fhéidir! Má tá suim ag éinne sna gairmeacha bainteach le cúram sláinte bheith ina mball den Acadamh, ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig an Rúnaí, drcolmose@eircom.net.

Dr Colm Ó Sé, M.B. (1991), Cleachtas an Chladaigh, Ionad Cúraim Phriomhúil & Meabhairshláinte Bhaile Formaid-Bhaile Phámar, Baile Átha Cliath

